II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2020/1410 ÓN gCOMHAIRLE

**an 25 Meán Fómhair 2020**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 66ú seisiún den Choiste um an gCóras Comhchuibhithe san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim i ndáil leis an nglacadh atá beartaithe ar thuairimí maidir le rangú, cinntí maidir le rangú, leasuithe ar nótaí míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe nó comhairle eile maidir le léiriú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léiriú an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 agus Airteagal 43(2) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 87/369/CEE ([1]) ón gComhairle, d'fhormheas an tAontas an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ([2]), agus an Prótacal lena ndéantar Leasú air ([3]) (Coinbhinsiún CC), rud a bhunaigh an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe (CCC).

(2) De bhun phointí (b) agus (c) d'Airteagal 7(1) den Choinbhinsiún CC, tá CCC freagrach as, *inter alia*, Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le Rangú, comhairle eile faoi léiriú an Chórais Chomhchuibhithe a ullmhú agus moltaí chun aonfhoirmeacht a ullmhú maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe a ullmhú.

(3) Táthar ag súil go ndéanfaidh CCC cinneadh i ndáil le tuairimí maidir le rangú, cinntí maidir le rangú, leasuithe ar nótaí míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe nó comhairle eile maidir le léiriú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinneadh maidir le léiriú an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún CC le linn an chruinnithe i mí Mheán Fómhair 2020.

(4) Tá sé tábhachtach a mheabhrú go mbeidh an critéar cinntitheach maidir le rangú earraí, chun críoch custaim, á lorg ina ngnéithe agus ina sainghnéithe oibiachtúla mar a shainítear i bhfoclaíocht na gceannteideal ábhartha san ainmníocht chustaim agus i nótaí na Roinne agus na Caibidle ábhartha, de réir cásdlí socair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus fíorú réidh.

([1]) Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus an Prótacal lena ndéantar leasú air, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1).

([2]) IO L 198, 20.7.1987, lch. 3.

([3]) Prótacal lena ndéantar leasú ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí (IO L 198, 20.7.1987, lch. 11).

(5) I bhfianaise na dTuairimí maidir le Rangú, cinntí maidir le rangú, leasuithe ar nótaí míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe agus comhairle eile maidir le léiriú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léiriú an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún, is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais a bhunú, mar, a luaithe a ghlacfar leo, foilseofar na Tuairimí sin maidir le Rangú, agus cinn de na cinntí áirithe sin maidir le rangú agus leasuithe i dTeachtaireacht ón gCoimisiún faoi phointe (a)(iii) d'Airteagal 34(7) de Rialachán Uimh (AE) 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus beidh siad infheidhme sna Ballstáit uile. Cuirfear an seasamh in iúl ag CCC,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais le linn an 66ú seisiún den Choiste um an gCóras Comhchuibhithe den Eagraíocht Dhomhanda Chustaim i ndáil le nótaí míniúcháin, tuairimí maidir le rangú agus comhairle eile faoi léiriú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léiriú an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe.

*Airteagal 2*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 gan an Chomhairle cinneadh eile a dhéanamh.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH

---

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

*IARSCRÍBHINN*

Níl ann do théacs na hIarscríbhinne sa Ghaeilge.